

Scoil Bearna na hAille Plean Gaeilge



Fís

Tá ard-mheas againn i Scoil Bearna na hAille dár theanga agus chultúr na Gaeilge. Agus tá se mar fhís againn an meas céanna a scaipeadh agus a fhorbairt i measc na ndaltaí- grá dár dteanga agus grá dár gcultúr. Aontaimid gur dúshlán dúinn mar mhúinteoirí an fhís seo a bhaint amach ach déanfaimid ar ndícheall atmaisféar Gaelach a chothú sa scoil.

Réamhráiteas

Chuir Foireann Ionbhainistíochta na scoile an plean seo le chéile le ionchur ó fhoireann iomlán na scoile. Tá sé ar intinn ag an bhfoireann scoile atmaisféar Gaelach a fhorbairt sa scoil agus an Ghaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir agus an plean seo á chur i bhfeidhm.

Bunchúiseanna

Tá gá leis an bplean seo:

- chun fís soiléir a bheith againn don Ghaeilge in ár scoil
- chun a bheith cinnte go bhfuil leanúnachas againn ón gcéad lá a dtagann na daltaí ar scoil go dtí an lá a bhfágann siad na scoile
- chun go mbeidh tuiscint soiléir ag gach múinteoir ar na haidhmeanna atá againn don Ghaeilge
- chun a bheith cinnte go bhfuil an Curaclam á chur i bhfeidhm go héifeachtach sa scoil
- chun Cur Chuige Cumarsáideach a chur i bhfeidhm sa scoil
- chun go mbeadh leanúnachas ann ó rang go rang
- chun an curaclam a chur in oiriúint don scoil seo

An plean i gcomhthéasc na scoile seo:

Úsáidtear an Ghaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae. Cuirtear béim ar an nGaeilge cé nach bhfuil an Ghaeilge sa timpeallacht. Tá suim ag na múinteoirí sa Ghaeilge agus i modhanna múinte an churaclaim. Táimid ag tabhairt faoin gcurclam agus aghaidh á dtabhairt ar na stráitéisí atá molta ann.

Cuspóirí Ginearalta:

- An Ghaeilge a shealbhú mar thoradh ar ionchur taitneamhach ó thus na foghlama
 - Taitneamh a bhaint as rainn, amhráin rithmitiúla, imeartas focal, rabhlóga agus drámaí.
 - A chumas cumarsáide a fhorbairt trí chluichí teanga agus tascanna.
-
- Na scileanna teanga a fhorbairt de réir a chéile trí ábhar teagaisc agus foghlama comhaimseartha atá tarraingteach agus spreagúil a úsáid.
 - Éisteacht go neamhfhoirmiúil agus brí a bhaint as caint nó as comhrá nach bhfuil sí páirteach ann.
 - Éisteacht ghníomhach a fhorbairt trí thascanna agus trí chluichí éisteachta beirte agus i ngrúpaí
 - Páirt a ghlacadh i gcomhrá faoi thopaicí a bhfuil spéis aici féin iontu
 - An Ghaeilge a úsáid i gcomhthéascanna éagsúla chun caidreamh sóisialta a dhéanamh
 - Tuiscint a fháil ar ghramadach na Ghaeilge trí úsáid a bhaint as an teanga i gcomhthéascanna realaíocha
 - Scileanna na léitheoireachta a fhorbairt trí ábhar taitneamhach a léamh
 - Scileanna éagsúla na léitheoireachta a fhoghlaim i gclár réamhléitheoireachta
 - Straitéisí éagsúla tuisceana a fhorbairt trí chleachtaí agus cluichí léitheoireachta
 - Téascanna gairide pearsanta agus cruthaitheachta a scríobh
 - Tuiscint a fháil ar chúrsa na scríbhneoireachta trí athdhreachtú a dhéanamh
 - An ríomhaire pearsanta a úsáid i gcomhair na scríbhneoireachta agus chun eolas a fháil
 - Foghlaim trí Ghaeilge in ábhair eile an churaclaim
 - Ghneithe comónta agus difriúla idir theangacha a thuiscint trí fheascacht teanga a chothú
 - An Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a shúiomh taobh le taobh le cultúir éagsúla na hora
 - Forbairt chognaíoch agus theangeolaíocht a aithint mar thoradh ar fhoghlaim na Gaeilge

Torthaí Foghlama

Tá an curaclam roinnte i dtrí shnáithe agus tá torthaí foghlama ag dul leis na snáithe sin:

Teanga Ó Bhéal	Léitheoireacht	Scríbhneoireacht
Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird	Rannpháirtíocht	Rannpháirtíocht
Inspreagadh agus rogha	Inspreagadh agus rogha	Inspreagadh agus rogha

Gnásanna sóisialta agus feacht ar dhaoine eile		
Struchtúr abairte agus gramadach	Gnásanna cló agus struchtúr abairte	Gnásanna cló agus struchtúr abairte
Stór focal	Stór focal	Stór focal
Léiriú tuisceana	Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail	Litriú agus staidéar ar fhocail
	Feacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach	
Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe	Cuspóir, seanra agus guth	Cuspóir, seanra agus guth
Catagóiriú	Tuiscint	Próiseas na scríbhneoireachta agus ag cruthú téacs
Athinsint agus mionléiriú	Freagairt agus intinn an údair	Freagairt agus intinn an údair
Teanga a úsáid go spráúil agus go cruthaitheach	Líofacht agus féincheartú	Peannaireacht agus cur i láthair
Eolas, miniú agus údar a Thabhairt		
Cur síos, tuar agus machnamh		

Aidhmeanna

Páistí agus a saol

Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí:

- a chur ar chumnas an páistí tógáil ar eolas agus ar thaithí atá acu cheana féin ar theanga agus ar fhoghlaim theanga le cur lena bhfoghlaim theanga
- páistí a spreagadh le glacadh go dearfach leis an nGaeilge, agus ár bhféiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn trí úsáid na Gaeilge
- páistí le teangacha agus cultúir éagsúla a spreagadh le bheith bródúil as a n-oidhreacht agus í a roinnt
- aitheantas a thabhairt don éagsúlacht mhór taithí, cumais agus stíle teanga a bhíonn ag páistí agus iad ag foghlaim teanga ar scoil mar chéad chéim le cur ar a gcumas a bheith rannpháirteach i gcaidreamh cumarsáideach atá ábhartha agus

lán brí

Cumarsáid agus ceangail páistí le daoine eile

Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí

- glacadh le huathúlacht na bpáistí trína meas ar a dteanga bhaile, a dtuiscint ar theanga agus ar ilghnéitheacht, agus a gcumas chun teangacha, gothaí agus uirlisí éagsúla a le cumarsáid a dhéanamh le daoine i gcomhthéacsanna agus i suímh éagsúla a chothú
- páistí a spreagadh agus a chumasú le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh sa chéad teanga agus sa dara teanga de chuid na scoile agus cumarsáid a dhéanamh ina dteanga oidhreachta le haghaidh cuspóirí éagsúla
- páistí a chumasú le bheith rannpháirteach go hiomlán i réimse leathan d'eispéiris teanga agus cumarsáideacha atá ábhartha agus lán brí le páistí ar comhaois leo agus le daoine fásta, agus le taitneamh a bhaint astu

Foghlaim agus forbairt teanga na bpáistí

Is é aidhm Churaclam Teanga na Bunscoile tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí

- spéis ar feadh an tsaoil i bhfoghlaim theanga, agus grá d'fhoghlaim teanga, a chothú i bpáistí ar mhaithe le taitneamh agus saibhriú pearsanta agus, ar an gcaoi sin, dearcadh dearfach i leith cumarsáide agus teanga a chur chun cinn
- tuiscint páistí ar an domhan a leathnú trí éagsúlacht shaibhir eispéiris teanga agus trí fheasacht agus meas i leith teangacha agus cultúir eile a chothú i dtimpeallacht foghlama a shaibhríonn iad
- páistí a chumasú chun úsáid shamhlaíoch agus chruthaitheach a bhaint as teanga agus tuiscint a bheith acu do ghnéithe aeistéitiúla na teanga
- páistí a spreagadh le bheith rannpháirteach go pearsanta i réimse leathan de théacsanna labhartha, geáitsíochta, scríofa agus il-mhodúlacha, agus smaoinemh go criticiúil orthu
- tacú le páistí lena scileanna liteartha a fhorbairt agus iad a chumasú le dul chun cinn a dhéanamh ar a luas foghlama féin i dteanga ó bhéal, léite agus scríofa
- feasacht teanga a chothú sna páistí, ionas go dtuigfidh siad agus go mbeidh meas acu ar ábhar agus ar struchtúr teangacha

Cur Chuige Cumarsáideach.

Tuigimid mar fhoireann Scoile gur ar chumarsáid a leagtar béim sa churaclam. Dár linn, is iad príomhghnéithe an chur chuige cumarsáideach ná diriú ar riachtanaisí teanga na bpáistí agus a chinntiú go bhfuil baint ag na topaicí/teanga atá roghnaithe le saol an pháiste. Sa chaoi seo is feidir leis an bpáiste a bheith gníomhach san fhoghlaim. Beifear in ann na feidhmeanna teanga a úsáid, mar shampla slán a fhágáil, ceist a chur freagra a thabhairt srl. Mar sin tá cumarsáid mar sprioc le gach ceacht Gaeilge agus na torthaí foghlama a mhúineadh go follasach i ngach ceacht. Tá sé fíorthábhachtach go mbeidh gach páiste in ann comhrá a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Déanaimid iarracht comhtháthú a dhéanamh ar na dtrí shnáithe (teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht).

Roinntear gach ceacht ina thrí thréimhse chun an struchtúir seo a leanas a leanúint.

- An tréimhse réamhchumarsáide
- An tréimhse cumarsáide
- An tréimhse iarchumarsáide

An Tréimhse Réamhchumarsáide	An Tréimhse Chumarsáide	An Tréimhse Iarchumarsáide
<ul style="list-style-type: none"> ● Suim a mhúscailt/spreagadh ● Tuiscint teanga ● Ionchur teanga (stór focail, Feidhmeanna teanga, gramadach, foghraíocht) ● Aithris agus Athrá ● Cleachtadh 	<ul style="list-style-type: none"> ● Obair bheirte/obair ghrúpa ● Cluichí cumarsáide ● Tascanna ● Réiteach fadhbanna ● Rólimirt/Suíochán Te ● Agallaimh Bheirte ● Drámaíocht ● Díospóireacht 	<ul style="list-style-type: none"> ● Dul Siar agus daingniú ● Botúin a cheartú ● Aistriú scileanna go gníomhaíochtaí eile ● Féachaint chun cinn

Feidhmeanna Teanga

Tugtar “feidhm teanga” ar an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, mar shampla chun é/í féin a chur in aithne do dhuine eile nó chun ceist a chur air/uirthí nó chun freagra a thabhairt. Bíonn duine ag comhlíonadh feidhmeanna teanga nuair a bhíonn an chumarsáid sin ar siúl.

Is féidir leis an bpáiste na feidhmeanna teanga a chomhlíonadh ní hamháin i suímh réalaíocha sa seomra ranga ach freisin i suímh inshamhlaithe, cur i gcás i rólanna difriúla agus i ndrámáíocht.

Tugann cluichí teanga, comhthéacs d’úsaid na teanga. Is iad cluichí gramadaí cuid de na cluichí atá á mholadh sa churaclam seo.

Bunaítear na nathanna cainte ar na feidhmeanna teanga. Déantar deimhin de go ndéantar aithris go minic ar na feidhmeanna teanga chun iad a dhainginiú agus a threisiú.

Is féidir cur leis an liosta seo nuair atá nathanna á bhfoghlaím sna ceachtanna bunaithe ar na téamaí agus na feidhmeanna teanga. Leanfaidh an liosta céanna na páistí ó rang go rang de réir mar a théann siad tríd na scoile. Is mian linn go mbeidh na páistí in ann an Ghaeilge atá acu a úsáid chun labhairt, léamh agus scríobh faoi thopaicí a bhfuil spéis acu féin iontu i slí nádúrtha cumarsáideach.

Déanaimid cumarsáid chun ...	Úsáidimid teanga chun
------------------------------	----------------------------

<p>Caidreamh sóisialta a dhéanamh</p>	<ul style="list-style-type: none"> ● Bualadh le duine ● Slán a fhágáil ● Glaoch ar dhuine ● Aird a lorg ● Beannú do dhuine ● Cur in aithne ● Comhghairdeas a dhéanamh ● Comhbhrón a dhéanamh
<p>Soiléiriú a lorg i gcomhrá</p>	<ul style="list-style-type: none"> ● Easpa tuisceana a léiriú ● Cabhair a lorg ● Litriú a lorg ● Athrá a lorg
<p>Dul i gcion ar dhaoine eile</p>	<ul style="list-style-type: none"> ● Cead a lorg ● A thabhairt ● Agus a dhiúltú ● Buíochas a léiriú ● Smaoineamh a chur chun cinn ● Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh ● Duine a ghríosadh ● Magadh faoi dhuine ● Cuireadh a thabhairt ● A dhiúltú, glacadh leis nó fiosrú faoi ● Foláireamh a thabhairt do dhuine ● Stádas a fhógairt nó a cheistiú ● Maíomh ● Dúshlán duine a thabhairt
<p>Dearcadh a léiriú agus a lorg</p>	<ul style="list-style-type: none"> ● Eolas nó easpa eolais, cuimhne nó easpa, cuimhne a léiriú agus fiosrú fúthu ● Cinnteacht, éiginnteacht nó féidearthacht a léiriú agus fiosrú fúthu ● Leibhéal dóchúlachta a léiriú agus a fhiosrú Taitneamh nó easpa taitnimh a léiriú ● Mianta a léiriú nó fiosrú fúthu ● Rogha a léiriú nó fiosrú fúithi ● Leithscéal a ghabháil ● Sásamh nó míshásamh a léiriú nó fiosrú fúthu Aontú nó easaontú le ráiteas ● Ábaltacht nó easpa ábaltachta a léiriú ● Séanadh, Maithiúnas a léiriú ● Tacaíocht a léiriú ● Díomá a léiriú, Dóchas a léiriú ● Ligean air/uirthi ● Scéalta a chumadh nó a insint ● Léiriú gur gá rud éigin a dhéanamh, nó fiosrú faoi

Eolas a thabhairt agus a lorg	<ul style="list-style-type: none"> ● Aithint, Tuairisciú, Teachtaireacht a thabhairt ● Ceartú ● Ceisteanna a chur agus a fhreagairt
Struchtúr a chur ar chomhrá	<ul style="list-style-type: none"> ● Oscailt ● Féincheartú a dhéanamh ● Cur síos a dhéanamh céim ar chéim ● Coimriú ● Deireadh a chur le comhrá

Snáitheanna an Churaclaim

Teanga o bhéal

- Cóipleabhar Comhrá - ó rang a trí go rang a sé
- Cluichí Teanga mar sh. *Deir O Grádaigh, Fiche ceist, Aimsigh na difríochtaí, Cluiche Biongó, Feicim le mo shúilín, Tráth na gCeist, Éist agus lean na treoracha, Éist agus tarraing, Éist agus dathaigh, Cluiche Kim, Cé mise? Nuacht an lae, Tarraing agus lipéad Dánta agus rabhlóga*
- Amhráin Gaeilge
- Ceist na Coicíse
- Gaeilgeoir na Míosa
- Seanfhocal
- Cóimhrá beirte
- Obair ghrúpa agus drámaíocht

Léitheoireacht

Léigh sa Bhaile
Cosán na Gealaí
Caint is Comhrá

<https://seideansi.ie/naionain-bheaga.php>

<https://seideansi.ie/naionain-mhora.php>

<https://www.leighanois.com/index2.php>

Tréimhse Réamhchumarsáide <i>Plé roimh léamh</i> <i>(féidearthachaí)</i>	Tréimhse Chumarsáide <i>Ag léamh</i> <i>(féidearthachaí)</i>	Tréimhse Iarchumarsáide <i>Tar éis léamh</i> <i>(féidearthachaí)</i>
<ul style="list-style-type: none"> ● Spreagadh ● Réamheolas a mhealladh ● Pléigh 	<ul style="list-style-type: none"> ● Téacs a léamh ● Idirghníomhú sóisialta ● Tasc Léitheoireachta 	<ul style="list-style-type: none"> ● Ag roinnt na hoibre ● Freagairt Phearsanta ● Anailís ar an

<p>Teideal/clúdach/seánraí/ábhar/pictiúr...</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ionchur teanga nua atá sa téacs • Múnlóireacht ar Straitéisí • Fónaic • Aithris & Athrá • Cleachtadh 	<ul style="list-style-type: none"> ? Líofacht a chleachtadh ? Amharclann na Léitheoirí ? Aimsigh... ? Stritéis a úsáid ? Cur in ord ? Ceisteanna a phlé ? Athinsint/Achoimre ? Sonraí Tábhachtacha ? Cluichí 	<p>léitheoireacht</p> <ul style="list-style-type: none"> • Measúnú ? Measúnú an mhúinteora ? Féinmheasúnú ? Piarmheasúnú ? Féachaint ar aghaidh ? Saibhriú ? Ceartú
--	---	--

<p>Tuiscint </p>			
<p>Céim 1</p> <p>Naíonáin shóisearacha agus naíonáin shinsearacha</p> <p>Trí eispéiris chúí foghlama spraiúla agus tharraingteacha ba cheart go mbeadh páistí in ann</p>	<p>Céim 2</p> <p>Rang 1 agus Rang 2</p> <p>Trí eispéiris chúí foghlama spraiúla agus tarraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann</p>	<p>Céim 3</p> <p>Rang 3 agus Rang 4</p> <p>Trí eispéiris chúí foghlama spraiúla agus tarraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann</p>	<p>Céim 4</p> <p>Rang 5 agus Rang 6</p> <p>Trí eispéiris chúí foghlama tharraingteacha ba cheart go mbeadh páistí in ann</p>
<p>Éisteacht leis na sonraí is tábhachtaí i dtéacs gearr simplí agus tuiscint a léiriú orthu.</p> <p>Léaráidí i dtéacs a úsáid mar áis chun eolas breise a fháil faoin téacs.</p> <p> </p>	<p>Éisteacht le téacs agus na sonraí is tábhachtaí a thabhairt chun cuimhne.</p> <p>Úsáid a bhaint as eolas cúlra agus réimse straitéisí tuisceana chun dul i ngleic le téacs agus brí a bhaint as le linn a bheith ag obair ar réimse téacsanna go neamhspleách nó i bpáirt le daoine eile.</p> <p> </p>	<p>Sonraí tábhachtacha i dtéacs a aithint, a phlé agus a athinsint san ord ceart go neamhspleách nó i bpáirt le daoine eile.</p> <p> </p>	<p>Úsáid a bhaint as straitéisí tuisceana chun dul i ngleic le téacs go neamhspleách agus i bpáirt le daoine eile.</p> <p> </p>

Straitéisí Tuisceana

Ag tuar



Ag déanamh naisc



Ceisteanna a chur



Tátal a bhaint as rud



Rudaí a shamhlú



Soiléiriú a dhéanamh



Tábhacht a dheimhniú



Míreanna eolais a chur le chéile chun mír eile a dhéanamh



Réamheolas a thabhairt chun cuimhne agus a úsáid



Súil-thapaidh agus spléachadh



Ag déanamh achoimre & Ag tabhairt athleagain



Deanimid ár ndícheall na stráitéisí tuisceana a fhobhart i rith na bliana ó rang a dó ar aghaidh.

Scr bhneoireacht

<http://padlet.com/bairbrenithuairisg/pdst-support-material-bhar-taca-ochta-sfgm-38l2r50wchc1wf53/wish/2466823081he>

C imeanna i dteagasc na se nra  scr bhneoireachta

C im 1: Ag cur aithne ar an se nra

L igh agus pl igh sampla  i nGaeilge. D an compar id . L igh do na p ist  agus l igh leis na p ist . Pl igh an teanga chu . N l s  riamh r -luath genres na scr bhneoireachta a chur os comhair p ist . Fi  mar at  f s agus forbairt ag teacht ar a gcuid scileanna scr bhneoireachta ag sna blianta tosaigh ar scoil, is f idir cabhr  leo cin alacha difri il se nra  a aithint. L igh agus pl igh sampla  de she nra  i nGaeilge ar n s rainn, s sc alta sna bunranganna agus beathaisn is , ficsean stairi il, leabhair eachtra ochta, cuntas pearsanta, sc alta grinn, ficsean eola ochta, neamhfhicsean, leabhair eolais sna me n/ardranganna. Caithfear b im a chur ar an ullmh ch n   bh al ar dt s. Tabhair go leor deiseanna do ph ist  eolas a chur ar na se nra  tr  p irt a ghlacadh i ngn iomha ochta    bh al agus gn iomha ochta  l itheoireachta a l irionn an se nra. Caithfear an teanga, s  sin focl ir agus eiseaml ir  at  de dh th ar na p ist  maidir leis an  bhar scr bhneoireachta at  idir l mha a mh ineadh do na p ist .

C im 2: Bain  s id as sampla le fr ama a dh anamh

Tacaigh leis na p ist  le hanail s a dh anamh ar th acs. D an fr ama le heochairfhocail don se nra, m.sh. Insint: teideal, su omh, carachtair, fadhb, r iteach.

C im 3: Scr bhneoireacht mh nlaith  (m inteoir amh in) *Moltar am faoi leith a*

chaitheamh gach l  ar an scr bhneoireacht l irithe.(10 n im ad) Is strait is iontach   an scr bhneoireacht l irithe chun pr iseas na scr bhneoireachta a thaispe int go soil ir do na p ist . B onn an m inteoir ag scr obh agus “ag smaoineamh os ard,” chun na

scileanna a bhaineann leis an scríbhneoireacht a léiriú go soiléir. Míníonn an múinteoir do na leanaí gur chóir dóibh éisteacht amháin. Is féidir úsáid a bhaint as scríbhneoireacht léirithe chun na scileanna seo leanas a léiriú:

- Conas ábhar a roghnú.
- Conas tús a chur le píosa scríbhneoireachta.
- Conas smaointe a chur in ord tábhachta.
- Conas athbhreithniú agus athdhréachtú a dhéanamh ar pháosa scríbhneoireachta. -
- Conas ábhar a roghnú agus a dhiúltú, ag smaoineamh ar an lucht léitheoireachta. -
- Conas na cairteanna balla agus prionta sa timpeallacht a úsáid mar áis don scríbhneoireacht. -
- Conas téascanna difriúla a scríobh.

Céim 4: Scríbhneoireacht roinnte

Tá an peann ag an múinteoir. Bíonn an múinteoir go fóill ag smaoineamh os ard ach cuirtear moltaí na bpáistí i bhfeidhm chomh maith. Bíonn na páistí páirteach i gcomhrá, i scríbhneoireacht agus i léitheoireacht an tseánra. Tugtar spreagadh do na páistí:

- Na tréithe áirithe a bhaineann leis an bhfoirm scríbhneoireachta a aimsiú
- Eolas cuí a roghnú
- Cuidiú leis an múinteoir smaointe a eagrú agus a chur i láthair go héifeachtach
- Léamh profaí agus eagarthóireacht a dhéanamh
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpíosa scríbhneoireachta deiridh.

Céim 5: Scríbhneoireacht threoraithe: Déanann na páistí an plean. Is féidir leis na páistí an scríbhneoireacht a phleanáil i bpéirí/i ngrúpaí, ag baint úsáid as an fhráma atá déanta.

Céim 6: Scríbhneoireacht neamhspleách

Déanann na páistí plean agus scríobhann siad a bpíosa féin, dréachtú, eagarthóireacht agus athdhréachtú san áireamh.

Céim 7: Lucht léite

Scríobhann na páistí do chúis ar leith agus do lucht léite atá fíor.

Bliain 1	Bliain 2
Insint Scríbhneoireacht Ghnásúil Scríbhneoireacht Shóisialta Athinsint	Tuairisc Scríbhneoireacht Mhínithe Dánta Scríbhneoireacht Áititheach

Litriú - Liosta in Aquisín 3

Rang a hAon & Dó	Rang a trí & ceathair	Rang a cúig & sé
<p>Tosóidh litriú i rang a haon leis na focail ardmhnicíochta (1-20). Múintear iad sa rang agus cuirtear in abairtí don obair bhaile faoi dheireadh.</p> <p>Leantar rang a dó na focail ardmhnicíochta (21-40) freisin don litriú.</p>	<p>Déantar athbhreithniú ar na focail ardmhnicíochta go dtí sin. Úsáidtear iad ina obairbhaile ó tús an bhliain. (41-120) Foghlaimítear litriú ar scoil go dtí an Nollaig agus sa bhaile ina dhiaidh sin.</p>	<p>Déantar athbhreithniú ar na focail ardmhnicíochta go dtí sin. Úsáidtear iad ina obairbhaile ó tús an bhliain. (121-200) Baintear úsáid as clár litrithe m.sh Rír, Fuaimeanna agus Focail.</p>

Roghnaítear an litriú mar seo a leanas:

- Focail ardmhnicíochta (***Liosta in Aquisín 3 Féasta Focal***)
- Cén teanga atá ag teastáil óna páistí chun an scríbhneoireacht a dhéanamh? (foclóir + eiseamláirí teanga)
- Cén teanga atá sa téacsleabhar a chabhróidh le scríobh na Gaeilge agus atá déanta sa rang.
- Botúin / earráidí comónta atá á dhéanamh acu.
- Na focail ina bhfuil patrúin / comh-fhuaim / comh-fhocail

Gramadach (Féach Aguisín 4)

Tá an ghramadach á bhfoghlaím de réir a chéile, i gcomhthéacs agus nascaithe leis na hacmhainní/ teanga atá in úsáid. Bíonn béim i gcónaí ar úsáid agus cumarsáid i bhfoghlaím na gramadaí. Léiríonn aguisín 4 an leanúnachas agus forbairt a thagann ar an ngramadach ó rang go rang. *Tá cóip ag gach oide de na gníomhartha sin dá rang féin chun é seo a chinntiú.*

Aistriú Scileanna

Tarraingeofar aird ar na nithe atá cosúil idir an dá teanga (Fónaic, cur le chéile, gnásanna cló, straitéisí tuiscine, na seanraí scríbhneoireachta srl) le go mbeidh na páistí in ann iad a aistiú d'fhoghlaím an Bhéarla. Ar an lámh eile, tarraingeofar aird ar na nithe atá éagsúil idir an dá teanga chomh maith: an struchtúr abairte ach go háirithe chun go ndéanfaidh na páistí dul chun cinn sa dá theanga.

**Fónaic na Gaeilge - plean le cruthú le cheile mar fhoireann scoile.*

Comhtháthu na Snáitheanna.

Chomh minic agus is féidir i scoil Bearnna na hAille, beidh na scileanna Gaeilge comhthaithe.

Téamaí, Straitéisí

Féach thíos na téamaí:

Mé Féin, Sa Bhaile, An Scoil, Bia, An Teilifís, Siopadóireacht, Caitheamh Aimsire, Eadaí, An Aimsir, Ócáidí Speisialta.

Táimid chun fó-théamaí bunaithe ar shaol na bpáistí agus topaicí a bhfuil spéis acu iontu a roghnú faoi na deich dtéamaí. Beidh módhanna múinte in úsáid a fheileann don téama agus don rang faoi leith agus beidh éagsúlacht sna fó-théamaí i ngach rang. Tá sé mar aidhm againn go mbainfear úsáid as na heiseamláirí atá roghnaithe, múinte agus cleachtaithe nuair atá baint acu le téama nó fo-théama faoi leith.

Is iad seo leanas na **straitéisí** is coitianta a úsáidtear:

- Agallaimh mar ionchur d'ímirt i rólanna
- Cómhrá na Gaeilge
- Cluichí teanga
- Tascanna agus fadhbanna
- Druileanna
- Drámaíocht
- Scéalaíocht
- Dánta
- Amhráin
- Seanfhocail
- Plé

Gaeilge Neamhfhoirmiúil

I Scoil Bearnna na hAille úsáidtear an Ghaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae. Cloisfidh na leanaí an Ghaeilge in úsáid go neamhfhoirmiúil mar ghnath theanga cumarsáide. Úsáidtear an Ghaeilge sa rang go rialta ag amanna faoi leith m.sh. am rolla, am lóin, ag tús an lae, am dul abhaile, i gcomhair teachtaireachtaí (m.sh. seo nóta ó.....). Chomh minic agus is féidir beidh bainistiú ranga i nGaeilge. Beidh cló sa timpeallacht i bhfógraí agus ar chomharthaí le feiceáil ag na daltaí.

PLEANÁIL EAGRAÍOCHTA

Pleanáil an mhúinteora

An gaol atá idir an plean scoile don Ghaeilge agus pleanáil fadtéarmach/gearrthéarmach ná:

- Go bhfuil leanúnachas ag tárlú idir na ranganna ar fad.
- Tá na téamaí atá luaite i bplean na scoile in úsáid i bplean an mhúinteora.
- Tá na modhanna múinte, acmhainní agus measúnú atá leagtha amach in úsáid sa rang.
- Tá na torthaí foghlama á leanúint sa rang.

Leanfaidh na múinteoirí an treoir don ullmhúcháin mar atá leagtha amach sa gcáipéis “Ullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim”.

Céard atá le múineadh? (toradh foghlama)	Conas a fhoghlaiméoidh na páistí é? (Eispéiris foghlama)	Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil sé foghlamtha ag na bpáistí? (Measúnú)
---	--	--

Ag deireadh gach mí déanann gach múinteoir cuntas ar an nGaeilge atá múinte agus foghlama ag páistí le linn na míosa.

Áiseanna

Bíonn liosta na n-áiseanna ag gach múinteoir.

- Abair Liom
- Cosán na Gealaí
- Caint is Comhrá
- Irishhomework.ie
- Léigh Sa Bhaile
- Tascanna Tuisce
- Leabhair céimeanna

Suíomh Idirlíne:

<https://padlet.com/maire8/an-teanga-bh-al-p4zy887txdiezppq>

Fios Fuaimeanna - <https://ccea.org.uk/learning-resources/fios-fuaimeanna>

Glance card - Snas ar scéal - http://www.nicurriculum.org.uk/snas_ar_sceal/

Leigh leat - <https://www.leighleat.com/d%C3%A1nta/1>

<https://www.youtube.com/user/tglurgan>

<https://www.cula4.com/en/>

I Scoil Bearnna na hAille déantar idirdhealú do na daltaí de réir na riachtanais atá orthu.

Chomhtháthú le hÁbhair eile:

Déantar ár ndícheall an Ghaeilge a úsáid in ábhair eile tríd an lae.

Obair Bhaile:


Is iad seo samplaí d'obair bhaile a bhíonn le déanamh ag na páistí. Braitheann an obair bhaile ar chumas an pháiste agus ar obair an lae scoile.

- Léitheoireacht (ón téacsleabhar nó leabhar leabharlainne)
- Scríbhneoireacht (ceisteanna, scéal le críochnú, Litriú)
- Obair an lae a chríochnú

Measúnú:

Tá sé beartaithe againn úsáid a bhaint as na huirlisí seo atá leaghta amach i C. na G. Ich 146.

- Dírbhreathnú an mhúinteora ar na bpáiste
- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- Bailiúchán d'obair agus de thionscadail an phaiste
- Próifílí curaclaim
- Scrúdú caighdeánaithe (rang a trí – rang a sé)



Forbairt Foirne

Tugaimid tacaíocht dá chéile chun an Ghaeilge a labhairt. Spreagtar an fhoireann ina iomlán chun Gaeilge a labhairt go rialta ag ócáidí éagsúla i rith na bliana. Bhí tacaíocht leanúnach againn ó Chomhairleoir Gaeilge PDST i 2024.

Cur i bhFeidhm an phlean

Rolanna: Tá gach múinteoir freagrach as an bplean a chur i gcrích. Tá dualgas ar leith ar Mr. Ó Seochrú, príomhoide, chun tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge sa scoil.

Athbheithniú ar an bplean

Pléifear dul chun cinn an phlean go minic. Beidh athbheithniú eile déanta ar an bplean seo go rialta, déanfar an céad athbheithniú eile le linn na scoilbhliana 2030.

Aguisín 1

Feidhmeanna Teanga Ranganna Naíonáin

<ul style="list-style-type: none">· Dia duit.· Dia is Muire duit.· Tá fáilte romhat· Slán leat a Niamh· Slán leat agus go raibh maith agat· A mhúinteoir· Tar anseo· Conas atá tú?· Seo é/í...· Seo X.· Sin X.· Maith an buachaill.· Maith an chailín.· Tá brón orm.· An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas?· Go raibh maith agat.· Buíochas le Dia.· Stad· Ná dean é sin· Dún an doras más é do thoill é.	<ul style="list-style-type: none">· Tabhair dom.· Seo duit· Tá a fhios agam/Níl a fhios agam.· Tá/Níl· Is maith liom X/Ní maith liom X· Gabh mo leithscéal.· Go maith/go deas.· Cad é seo?/Cad é sin?· Seo é· Inniu dé Luain· Ta X ag ithe· Seo duit an X· Cé hé/hí sin?· Cad is ainm duit?· An bhfuil?· Cén rang ina bhfuil tú?
---	---

Feidhmeanna Teanga Rang a hAon agus a Dó

<ul style="list-style-type: none"> · Dia duit a mhúinteoir · Dia is Muire duit. · Dia duit a Sheáin · Fáilte Romhat · A Mháire, conas atá tú? · Slán go fóill · Slán is beannacht · Feicfidh mé amárach thú. · A athair · A Mháire · Gabh mo leithscéal · An bhfuil tú réidh? Tá/Níl · An bhfuil tú go maith? · Tá mé tinn srl. · Seo é/Seo í · Lá breithe sona duit. 	<ul style="list-style-type: none"> · Ar aghaidh libh. · Bí cúramach · Tá mise go maith ag snámh · Tá/Níl a fhios agam · Cé/Cá · Is breá liom.. · Is fuath liom... · B'fhéarr liom · Tá brón orm. · Tá sé sin go maith · Tá/Níl · Shea/Ní hea · Is féidir liom../Ní féidir liom · Ceart go leor · Maith thú · Go deas · Go maith · Ó, tá tinneas cinn orm (tinneas fiacaile, tinneas boilg) 	<ul style="list-style-type: none"> · Mí-ádh · An dtuigeann tú? · Tuigim/Ni thuigim · Cén Gaeilge atá ar...? · An bhfuil cead agam dul amach? · Ceart go leor · Go raibh míle maith agat. · Ar mhaith leat? · Ar maidin · Inné · Is X é sin · Is X í sin · Tá X ag ithe a bhricfeasta/bricfeasta · Seo nóta duit ó X · Cá bhfuil? · Cén t-am é? · Cad/Céard a tharla? · An raibh?
---	--	--

Feidhmeanna Teanga Rang a Trí agus a Ceathair

<ul style="list-style-type: none"> · Dia duit/dhaoibh · Dia is Muire duit/dhaoibh · Trathnóna mhaith · Tar anseo más é do thoill é · An bhfuil tú/sibh réidh? Táim/Táimid réidh · An bhfuil tú/sibh ag éisteacht? Táim/Táimid ag éisteacht · Nóiméad amháin, más é do thoill é · Aon scéal nua? · Seo é/Seo í.. · Tá sé ina chónaí i.../Tá sí ina cónaí i... · Maith thú · Ní maith liom do thrioblóid · Bhuaigh mé an chéad áit · An féidir leat é sin a dhéanamh? Is féidir liom/Ní féidir liom · Cé hé/hí sin? · Táim/Níilm cinnte. · B'fhéidir · An bhfuil Máire tinn? Is docha go bhfuil · An maith leat? Is maith liom/ní maith liom/is aoibheann liom · Ar mhaith leat? Ba mhaith liom/Níor mhaith liom · Cé acu is fearr leat? Is fearr liom... · An bhfuil sé sin go deas/go maith/ceart go leor? 	<ul style="list-style-type: none"> · An dtuigeann sibh? Tuigimid/ Ní thuigimid · Cad is brí le X? · Litrigh X más é do thoill é. · Abair é sin arís más é do thoill é. · An bhfuil cead agam imirt leat? · An bhfuil cead agam mo lámha a ní? · An bhfuil cead agam mo bhuidéal a líonadh? · Mile buíochas. · Ar mhaith leat? Ba mhaith liom/Níor mhaith liom.. · Ba bhreá liom X · An féidir leat suí síos? · Lean ort 10 · Ar mhaith leat teacht go dtí mo chóisir? Ní féidir liom/Ba mhaith liom · Cá mbeidh sé ar siúl? · Tóg go bog é · Tabhair aire · Brostaigh ort · Is mise an duine is aired/óige/sine/ísle · Tá mé go hiontach/ar fheabhas ag X · Dith sé sé phancóg · Ní bheidh mé ar scoil amárach
---	--

<ul style="list-style-type: none"> · Shea, tá an ceart agat · Ní hea, níl an ceart agat · An bhfuil tú abalata? Tá/Níl mé ábalata · Tá go maith · Tá sé sin ceart go leor · Tá sé sin go breá/ar fheabhas · Lean ar aghaidh · Is fathach mé... · Is féidir liom.. · Dé Sathairn seo caite.. · Aréir · Caithfidh mé/Ní chaithfidh mé · Cailín maith is ea í/Buachaill maith is ea é srl. 	<ul style="list-style-type: none"> · Beidh mé ag dul go dtí an bhfiacloir srl. · Tá mo chóta gorm · Ní leatsa é · Is liomsa é · Ceisteanna le briathartha ón aimsir chaite, aimsir láithreach – dearfach agus diúltach · Ar chuala tú? · Tá an lá go hálainn/go dona/fliuch/fuar/go deas. · Ó, gabh mo leithscéal/Tá brón orm.. · Ní hea ach.. · Ní anois ach níos déanaí/níos luaithe/ ag am... · Ar dtús/Ansin/Tar éis tamaillín/Le sin · ..agus is mar sin a tharla. · Sin sin/Sin é 11 · Ceart go leor mar sin. · Tá deifir orm anois · Tá orm imeacht (mar)
--	---

Feidhmeanna Teanga Rang a Cúig agus a Sé

<ul style="list-style-type: none"> · Dia is Muire daoibh · Dia is Muire daoibh is Pádraig · Slán agus go néirí an bóthar leat · Feicfidh mé tú/sibh níos déanaí/amárach · An féidir liom labhairt lea tar feadh noiméad? · An féidir liom rud éigin a fháil? · Aon scéal nua? Scéal ar bith · Cén chaoi ina bhfuil tú? · Seo é X/Seo í X · Is cara é le X/Is cara í le X · Comhghairdeas · Togha fir/mná · Deanaim comhbhrón leat · Beidh lá eile agat/agaibh. · Conas a déarfá? · Conas a litrigh an focal X más é do thoill é? · Gabh mo leithscéal, abair é sin arís más é do thoill é · An bhfuil cead agam imirt libh? · Níl sé sin ceart go leor · Cad mar gheall ar? · Céard faoi cluiche peile? 	<ul style="list-style-type: none"> · B'fhéidir go dtiocfaidh · Níl aon seans againn · Taitníonn liom/Ní thaitníonn liom · Ba mhaith liom dul go dtí an phictiúrlann · Ba bhreá liom X 12 · Cé acu ab fearr leat? B'fhearr liom X · Tá brón orm go bhfuil mé déanach · Ceard a cheapann tú? · Tá sé sin fíor/bréagach · An bhfuil tú in ann X? tá/Níl mé in ann X · Ar fhág tú? D'fhág mé/Níor fhág mé.. · Ná bac le sin · Ná tóg aon ceann de · Beidh tú go breá · Ar aghaidh leat/linn · Is mór an trua é sin · Tá diomá orm · Ní chreidim é · Tá súil agam · Táim ag núth go mór le.. · Féach is féidir liomsa..
--	---

<ul style="list-style-type: none"> · An dtabharfá píosa dom le do thoill? · Bain triail as · An dtiocfaidh tú go dtí mo theach? Tiocfaidh cinnte/Ní thiocfaidh mé an am seo. · Ba bhreá liom, go raibh maith agat. · Cén t-am a thosóidh sí? · Ná bí ag dul ró-thapa · Mise an ceannaire/is mise an captain · An bhfaca tú é sin? · Is mise an duine is fearr... · An bhfuil tú in ann...? (poc soar a thógáil m.sh.) · An cuimhin leat? Is cuimhin liom/Ní cuimhin liom · An bhfuil tú cinnte? Táim/Nílim cinnte · B'fhéidir go.. · Sílim · Measaim 	<ul style="list-style-type: none"> · Anuraidh/Tar éis tamaill, ar dtús, faoi dheireadh · Beidh orm/Ní bheidh orm · X atá ann · Nach é sin... · Shocraigh X dul ag ___ ar an ___ · ___ atá agam sa bhaile · Conas/Cén fáth/Caidé an dóigh/Cathain/Cén t-am/Cén/Cá háit? · Ceisteanna le briathartha ón aimsir fháistineach – dearfach agus diúltach · Tá tu ag obair go crua/go dian · Fan go bhfeicfidh mé · Níorbh fhada/Ar deireadh · ___ agus mar sin/dá bhrí sin/ da bharr sin ní bheidh ___ ar scoil srl. · Caithfidh mé imeacht · Beidh mé ag caint leat arís · Feicfidh mé arís/amárach/níos déanaí thú
--	--

Feidhmeanna Teanga Neamhfhoirmiúla

Na Naíonáin

<p><u>Caint an mhúinteora ar maidin.</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ● Isteach libh. ● Dia dhaoibh ar maidin, a pháistí! ● Conas atá sibh ar maidin? ● Bain díot do chóta. ● Croch suas do chóta. ● Seas i gcomhair na paidreacha. ● An bhfuil aon duine as láthair? ● Cé atá as láthair inniu? 	<p><u>Caint an pháiste ar maidin.</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ● Dia dhuit, a mhúinteoir. ● Dia is Muire duit, a mhúinteoir. ● Táimid go maith.
<p><u>Caint an mhúinteora – Am Rolla.</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ● Ciúnas! ● Bígí ciúin a pháistí ● An bhfuil Seán ar scoil inniu? 	<p><u>Caint an pháiste – Am Rolla.</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ● Anseo ● Tá/Níl

<p><u>Caint an mhúinteora – Am Lóin.</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ● Tóg amach an lón/do bhosca ● Ith do lón. ● Ól do dheoch. ● Ól do chuid bainne. ● Suigí síos. ● Suigh ag an mbord. ● Suigh in aice le Seán. ● Cuir isteach do lón. ● Cuir i do mhála/bhosca lóin é ● Nigh do lámha. ● Píoc suas é sin. ● Cuir sa bhosca bruscair é. ● Cuir ort do chóta agus do chaipín. ● Déan líne. ● Téigh amach sa chlós. ● Téigh amach ag súgradh 	<p><u>Caint an pháiste – Am Lóin.</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ● Is maith liom ● Ní maith liom ● Tá íogart/úll agam don lón inniú.
<p><u>Caint An Mhúinteora – Ag Dul Abhaile.</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ● An bhfuil sibh réidh? ● Cé atá ag caint? ● Glanaigí suas. ● Faigh do chóta. ● Faighigí bhur gcótaí. ● Cuir ort do chóta. ● Cuirigí oraibh bhur gcótaí. ● Seas/Seasaigí sa líne. ● Oscail an doras, a Mháire. ● Siúil/ Siúlaigí amach. ● Feicfidh mé amárach sibh. ● Ná bígí ag rith. ● Slán abhaile./Slán libh. 	<p><u>Caint an pháiste – Ag Dul Abhaile</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ● <u> </u>Slán a mhúinteoir! ● <u> </u>Slán!

Feidhmeanna Teanga Neamhfoirmiúla

Rang a hAon agus Rang a Dó.

<p><u>Caint An Mhúinteora – Ar Maidin.</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ● Tógaigí amach an obair bhaile. ● An bhfuil an obair bhaile déanta agat? ● Cén fáth nach bhfuil sé déanta agat? ● Cé a bhí tinn inné? ● An bhfuil biseach ort? ● An bhfuil nóta agat? ● Tá an seomra ranga an-te. ● Oscail an fhuinneog le do thoil, a Mhairtín. Breithlá sona duit, a Mháire. ● Cén aois tú? 	<p><u>Caint an pháiste – Ar Maidin.</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ● Bhí mé tinn inné. ● Tá nóta agam. ● Inniu mo bhreithlá. ● Tá mé sé bliana d’aois/seacht mbliana d’aois/ocht mbliana d’aois inniu
